Gaeltacht UCD

Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr

# Tuarascáil Ghaeltacht UCD

# 2022 - 2023

failte@ucd.ie

**Foráil Speisialta do Chothú na Gaeilge 2023**

***Gaeltacht UCD, Lárionad Domhanda UCD do Theanga agus Cultúr na Gaeilge,***

**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**

**Tuairisc maidir le Gníomhaíochtaí, Meán Fómhair 2022 go Lúnasa 2023**

**https://www.ucd.ie/irish/ga/**

***Clár Ábhar*** ***Uimhreacha leathanaigh***


| | |
|---|---|
| **1. Forléargas** | 3 |
| **2. Tionscadal 1**<br>Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus d'Fhostaithe UCD | 4 |
| **3. Tionscadal 2** | |
| *Teach na Gaeilge* 2022-2023, Scoláireachtaí do Scéim Chónaithe Ghaeilge UCD | 9 |
| **4. Tionscadal 3**<br>Gníomhaíochtaí Cultúrtha Gaeilge & Dátheangacha | 23 |
| **5. Tionscadal 4** | |
| Rannpháirtíocht: Áitiúil, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta | 30 |
| **6. Tionscadal 5** | |
| Tacaíochtaí d'Fhoireann UCD -Seirbhís Chomhairleach, Aistriúchán, agus Acmhainní | 40 |
| **7. Tionscadal 6**<br>Gníomhaíochtaí Promóisin | 44 |
| **8. Tacaíocht Ollscoile**<br>Struchtúr, Bainistíocht agus Riarachán | 46 |

**Forléargas**

Bhí bliain acadúil den chéad scoth ag Gaeltacht UCD, Lárionad Domhanda do Theanga agus Cultúr na Gaeilge UCD le linn 2022-2023. Bhí ról lárnach ag an Ionad agus teanga agus cultúr ar leith na hÉireann á gcur chun cinn laistigh den Ollscoil agus rinneadh iad a roinnt le pobail áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda UCD. Cuireadh le hinniúlacht sa Ghaeilge, mealladh mic léinn agus fostaithe, agus cuireadh leis an oideachas iomlánaíoch a bhfuil an-tóir ag UCD air, de dheasca na tionscnaimh a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo. I rith na bliana, rinne an tIonad tuilleadh forbartha ar a chuid acmhainní foghlama; rinne sé seirbhís aistriúcháin éifeachtúil a bhainistiú chomh maith le pobal de scoláirí idirdhisciplíneacha atá lárnach maidir le beocht phobal Gaeilge na hOllscoile a threorú.

Bhí láithreacht ghníomhach ag Gaeltacht UCD ar an gcampas agus laistigh den phobal Gaeilge i gcoitinne le linn 2022-2023; rinne scoláirí de chuid a scéime cónaithe ionadaíocht ar son na Ollscoile i gcomórtais idir-ollscoile, d’fhreastail siad ar imeachtaí náisiúnta, agus chuaigh siad i mbun idirghníomhaíochta lena gcomhpháirtithe i níos mó ná 30 gníomhaíocht phromóisin teanga. Chuir an Lárionad fáilte roimh roinnt aíonna chuig campas UCD Belfield; rinneadh óstáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Acadamh na Lianna, agus Oifig an Choimisinéara Teanga. Lean foireann Ghaeltacht UCD ag comhoibriú le comhghleacaithe in institiúidí eile, le heagraíochtaí Gaeilge, leis na meáin Ghaeilge agus leis na Gaeltachtaí traidisiúnta. Agus taisteal idirnáisiúnta ag tosú an athuair, mealladh foghlaimeoirí Gaeilge ó ar fud na cruinne chuig a scoil samhraidh a bhíonn ar siúl go bliantúil, cuid acu ag filleadh ar UCD den 5ú nó 6ú bliain as a chéile.

I dtaca le reachtaíocht na Gaeilge a neartú faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*, d’fhreastail Gaeltacht UCD ar an éileamh méadaithe atá ar a cuid seirbhísí. Lean sí ar aghaidh ag forbairt na seirbhísí sin agus ag obair i dtreo riachtanais chainteoirí Gaeilge a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn.

**Tionscadal 1: Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn, Foireann Teagaisc agus Foireann UCD**
**https://www.ucd.ie/irish/ga/teanga/cursaiteanga/**

*Cúrsaí Suime sa Ghaeilge*

Lean *Gaeltacht UCD* uirthi ag forbairt agus ag soláthar cúrsaí Gaeilge ag 5 leibhéal teanga ar feadh 2022-2023. Dearadh agus cuireadh ar fáil na cúrsaí do mhic léinn agus fostaithe uile reatha na hOllscoile. Rinneadh an clár 2022-23 a fhógairt go fairsing laistigh de UCD ag tús gach trimeastair, trí nuachtlitreacha leictreonacha UCD, trí mheáin na mac léinn, agus i láthair go pearsanta trí thob-bhothanna uainíochta ar fud an champais. Reáchtáladh triail socrúcháin ar líne do na foghlaimeoirí go léir sular cuireadh tús le cúrsaí, rud a chinntigh gur cuireadh na foghlaimeoirí ag an leibhéal ba oiriúnaí dá gcuid riachtanas. I measc na bhFoghlaimeoirí Teanga bhí fostaithe agus mic léinn araon agus bhí an-chuid rannpháirtíochta ó phobal domhanda na hOllscoile. Mar thoradh ar an gcaidreamh dearfach idir na foghlaimeoirí, neartaíodh pobal Gaeilge UCD, tugadh deis do mhic léinn ar cuairt agus mic léinn malairte imeascadh, agus spreagadh rannpháirtíocht idir na mic léinn, an fhoireann teagaisc, agus an fhoireann ghairmiúil. Bhí tionchar iontach dearfach ag rannpháirtíocht fhostaithe na hOllscoile ar dhearcthaí i leith thionscnaimh Ghaeilge ar an gcampas agus i leith chur i bhfeidhm rialacháin nua Ghaeilge faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*.

Chláraigh níos mó ná 500 rannpháirtí le haghaidh cúrsaí agus ceardlanna Ghaeltacht UCD idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí an Mheithimh 2023. Chláraigh 339 mac léinn agus fostaí san iomlán le haghaidh teagaisc, agus chláraigh 167 mac léinn agus fostaí sa bhreis le haghaidh ceardlanna cultúrtha Gaeilge agus dátheangacha. Bhí tóir ar leith ar chúrsaí oíche Gaeltacht UCD ag leibhéal A1 i measc na mac léinn idirnáisiúnta agus na mball foirne idirnáisiúnta, arb ionann iad agus 56% de gach duine a chláraigh. Mheall an Scoil Samhraidh Gaeilge Idirnáisiúnta 2023 céatadán ard d'ardfhoghlaimeoirí- 54% de na rannpháirtithe. Fostaíodh 14 theagascóir cáilithe ar bhonn páirtaimseartha ar feadh na bliana; 8 dteagascóir chun soláthar chúrsaí oíche an Ionaid a éascú agus 5 theagascóir sa bhreis dá scoil samhraidh, chomh maith le roinnt teagascóirí ionadacha. Is dúshlán ag leibhéal náisiúnta é i láthair na huaire, teagascóirí Gaeilge a earcú agus bhí an tIonad an-sásta foireann iontach de theagascóirí deimhnithe a bhfuil taithí acu ar an oideachas aosach a choinneáil agus

a earcú. I measc rannpháirtithe 2022-2023, bhí ionadaíocht ó Choláistí uile UCD, lena n-áirítear mic léinn fochéime agus mic léinn iarchéime, foireann acadúil agus foireann ghairmiúil. Tugadh ceistneoirí amach do gach foghlaimeoir ag deireadh gach cúrsa agus bhí an tIonad sásta leis an aiseolas dearfach a fuarthas. Seo a leanas cuid de na cúiseanna a tugadh ar chlárú do chúrsa: chun cur le tuiscint ar oidhreacht agus ar chultúr na hÉireann, chun tacú le páistí a bhfuil Gaeilge á foghlaim acu ar scoil, chun ullmhú le haghaidh agallaimh nó cur i láthair trí Ghaeilge, agus chun cur le deiseanna fostaíochta. Ní raibh deis ag roinnt mhaith rannpháirtithe an Ghaeilge a fhoghlaim roimhe seo toisc go raibh cónaí orthu i ndlínse eile amhail Tuaisceart Éireann nó bhí díolúine acu ón nGaeilge a fhoghlaim le linn dóibh freastal ar scoil i bPoblacht na hÉireann. Bhí cuid de na foghlaimeoirí idirnáisiúnta dátheangach nó ilteangach, agus is díol suntais é go raibh cur amach acu siúd a bhí aonteangach (Mic léinn ó SAM a labhraíonn Béarla, mar shampla) ar theanga oidhreachta.

*Teastas Eorpach na Gaeilge*

Cuirtear cúrsaí teanga Gaeltacht UCD ar fáil ag leibhéal A1, A1 ar lean, A2, B1 agus B2, agus tagann siad le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR).

Sa bhreis ar na ceanglais dhlíthiúla a cuireadh ar an earnáil phoiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021; agus go háirithe an gá le hinniúlacht sa Ghaeilge i measc fostaithe a mhéadú, ceaptar go mbeidh éileamh sa bhreis ar dheimhniú scileanna Gaeilge.

Chun freastal ar an éileamh sin, rinneadh cúrsa ullmhúcháin le haghaidh an scrúdú *Teastas Eorpach na Gaeilge B1* (Teastas Eorpach sa Ghaeilge, B1) a bhunú den chéad uair in 2021 agus mheall na hacmhainní nua sin lena n-áirítear taifeadtaí digiteacha, ábhar físe, agus ceachtanna idirghníomhacha i ngach ceann den 3 phríomhchanúint foghlaimeoirí breise i mí Mheán Fómhair 2022. I mí Eanáir 2023, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ina thaobh sin, chuir Gaeltacht UCD tús le huasdátú agus tuilleadh forbartha ar an gcúrsa A2 lena dtabharfar bunús cuimsitheach le haghaidh an chúrsa ullmhúcháin B1 d'fhoghlaimeoirí agus a chuirfidh mar sin le líon na bhfoghlaimeoirí a dhéanann na scrúdaithe le haghaidh teastais. Déanfar cúrsa A2 a reáchtáil ar bhonn píolótach i mí Mheán Fómhair 2023. Tá Gaeltacht UCD ag déanamh uasdátú ar ábhair an chúrsa ar bhonn céimnithe ó 2019, le tús áite á tabhairt aici do na cúrsaí a bhfuil na clárúcháin is mó acu, de réir mar atá maoiniú ar fáil. Is é an tríú céim ná forbairt a dhéanamh ar acmhainní A2; rinneadh leibhéal A1 a fhorbairt in 2019 agus leibhéal B1 in 2021. Beidh gá

le hinfheistíocht leanúnach in acmhainní Ghaeltacht UCD chomh maith le leathnú na n-acmhainní sin chun freagairt ar riachtanais phobal na hOllscoile sa todhchaí.

# Cúrsaí Teanga agus Ceardlanna Dátheangacha

## Rannpháirtithe Cláraithe ó Mheán Fómhair 2022 go Meitheamh 2023

| Cúrsaí Tráthnónta | Fómhar | Earrach | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Leibhéal A1 Bunrang | 100 | 46 | 146 |
| Leibhéal A1 Bunrang ar Lean (Trimeastar 2 amháin) | | 29 | 29 |
| Leibhéal A2 Bunrang 2 | 16 | 11 | 27 |
| Leibhéal B1 Meánrang 1 | 8 | 14 | 22 |
| Leibhéal B2 Meánrang 2 | 12 | 6 | 18 |
| Cúrsa Ullmhúcháin do Theastas Eorpach na Gaeilge ag leibhéal B1 | 10 | 9 | 19 |
| Mic Léinn ar cuairt ó Ollscoil Arizona | | | 15 |
| Tionól Gaeilge UCD | | | 63 |
| Iomlán | | | 339 |

## Ceardlanna Domhanda ó Mheán Fómhair 2022 - Márta 2023 Rannpháirtithe Cláraithe

| Ceardlanna Domhanda Ghaeltacht UCD | |
|---|---|
| Buneolas na Gaeilge 1 | 40 |
| Buneolas na Gaeilge 2 | 30 |
| Ceardlann ar an Rince Gaelach 1 | 44 |
| Ceardlann ar an Rince Gaelach 2 | 20 |
| Mo Chéad Rang Gaeilge | 11 |
| Ceardlann Dhátheangach ar an bPíb Uilleann | 22 |
| Iomlán | 167 |
| **Iomlán na Rannpháirtithe Cláraithe** | **506** |

# Cúrsaí Teanga agus Ceardlanna Dátheangacha




*Cuireann Ashling Harteveld, Riarthóir Ghaeltacht UCD, fáilte roimh mhic léinn idirnáisiúnta*

*Foghlaimeoirí Gaeilge trimeastar 1*

*Foghlaimeoirí Gaeilge trimeastar 1*

*Kris Torres, a bhuaigh comórtas Instagram Ghaeltacht UCD*

*An Fhoghlaim Teanga Taobh Amuigh den Seomra Ranga*

Chomh maith leis na cúrsaí teanga struchtúrtha atá aici, cuireann Gaeltacht UCD deis ar fáil dá foghlaimeoirí an teanga a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. I mbliana, reáchtáladh na gníomhaíochtaí go léir aghaidh ar aghaidh ar an gcampas le roinnt imeachtaí bunaithe timpeall ar Sheachtain Dhomhanda na Gaeilge, mí an Mhárta 2023. Tá cur síos déanta ar chuid de na himeachtaí sin sa tuarascáil seo sna rannóga 'Clár Cultúrtha Ghaeltacht UCD' agus 'Gníomhaíochtaí Ghaeltacht UCD do Mhic Léinn'.

**Tionscadal 2**

***Teach na Gaeilge* 2022-2023, Scéim Scoláireachta Cónaithe,**
**https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/**

*Gníomhaíocht maidir le Scéim na Scoláireachta Cónaithe agus Comórtas 2023-'24*

Cúlra: Bunaíodh *'Teach na Gaeilge UCD',* an Scéim Scoláireachta Cónaithe Gaeilge, in 2000 agus 4 scoláire ann. Méadaíodh é sin go 16 scoláire in 2001 agus ansin go 24 scoláire in 2010. Meallann *Teach na Gaeilge* mic léinn a bhfuil go leor bainte amach acu i gcónaí, agus bíonn Scoláireachtaí Iontrála de chuid na hOllscoile bronnta ar go leor acu. In 2016 bronnadh an Séala Teanga Eorpach ar an tionscadal as barr feabhais i gcur chun cinn teanga agus táthar ag súil go mór le 25 bliain ar an bhfód a cheiliúradh in 2025.

Fógraíodh 24 scoláireacht *Theach na Gaeilge UCD* don bhliain 2022-2023 i Márta 2022 i meánscoileanna ar fud na tíre (32 contae). Fógraíodh na scoláireachtaí chomh maith sna meáin Ghaeilge, ar na meáin shóisialta, ar shuíomh gréasáin Scoláireachtaí UCD https://www.ucd.ie/students/scholarships/prospectiveundergraduatestudents/ agus ar shuíomh gréasáin *Ghaeltacht UCD* https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scolaireachtai/. I measc na scoláirí 2022-2023 a roghnaíodh ó iarratas agus ó agallamh, bhí cainteoirí dúchais traidisiúnta (as ceantair Ghaeltachta), cainteoirí dúchais a chónaíonn lasmuigh de na Gaeltachtaí, Nua-chainteoirí (cainteoirí líofa neamhdhúchasacha as ceantair *Ghalltachta*), cainteoirí líofa a fuair oideachas lán-Ghaeilge agus cainteoirí líofa a fuair oideachas trí mheán an Bhéarla.
I mbliana bhí na scoláirí mar ionadaithe don Ollscoil i bpobal na Gaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus d'éirigh leo cothromaíocht a choimeád idir cothú agus cur chun cinn na teanga. Le linn na bliana, chuir siad tús le raon leathan tionscadal teanga ar ghlac pobal mór

na hOllscoile páirt iontu. Tá taifead déanta de scoláireacht *Ghaeltacht UCD* ar thras-scríbhinn acadúil gach mic léinn.

Déanann *Gaeltacht UCD* athbhreithniú leanúnach ar a scéim chónaithe le cinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí is mó a chabhraíonn le cothú na teanga agus le rannpháirtíocht na mac léinn ar fáil. Fuarthas aiseolas dearfach ó scoláirí 2022-2023 agus leanadh le héileamh a bheith ar an gcomórtas in 2023-2024 arís. Ar an 1 Márta 2023, fógraíodh scoláireachtaí *Theach na Gaeilge* don bhliain 2023-2024. Chuir 118 iarratasóir san iomlán isteach ar na scoláireachtaí agus ba mhic léinn ionchasacha iad 75 duine díobh.
Rinneadh agallaimh le 43 mac léinn leanúnacha (mic léinn sa dara bliain nó sa tríú bhliain) ar an 4 agus an 5 Bealtaine; Roghnaíodh 65 mac léinn ionchasach le haghaidh agallamh ar an 30 agus an 31 Bealtaine. Roghnaíodh na 24 mac léinn a fuair na torthaí is airde le haghaidh scoláireachtaí agus cuireadh liosta feithimh le chéile. Tá scoláireachtaí faoi réir thairiscintí CAO i mí Lúnasa.

*Seisiún Ionduchtaithe agus Traenáil*

Eagraíonn *Gaeltacht UCD* cláir shonracha ionduchtaithe agus oiliúna trí mheán na Gaeilge dá scoláirí. Reáchtáiltear iad sin roimh thús gach trimeastair agus, ar an mbealach sin, cinntítear gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide tosaí i measc na scoláirí rannpháirteacha, i gcomhréir leis an dea-chleachtas i gcaomhnú agus i gcothú na teanga. Le linn an ionduchtaithe, cuirtear feabhas ar an gcumarsáid idir na mic léinn scoláireachta féin, idir na mic léinn agus pobal na hOllscoile i gcoitinne, agus idir na mic léinn agus mórphobal na Gaeilge. Tugtar eolas do na scoláirí maidir leis na deiseanna atá ar fáil dóibh, na tacaíochtaí atá ar fáil agus maidir lena gcuid dualgas de réir Chonradh na Scéime Cónaithe Ghaeltacht UCD.
Áirítear 3 chúrsa deireadh seachtaine i gclár 2022-2023: tosaíonn an chéad cheann ón 9-10 Meán Fómhair (mic léinn leanúnacha) agus an dara ceann ón 23-25 Meán Fómhair 2022 (mic léinn leanúnacha agus mic léinn nua). Bhí an tríú cúrsa ar siúl sular thosaigh an dara trimeastar, ón 21-22 Eanáir 2023. Bhí aoichainteoirí ann ag an ionduchtú 2022-2023 lena n-áirítear ionadaíocht ó 'Baile Átha Cliath le Gaeilge' (gréasán Gaeilge a bunaíodh le déanaí do ghnó i gcathair Bhaile Átha Cliath), Raidió na Life, stáisiún raidió pobail, agus an eagraíocht Ghaeilge Conradh na Gaeilge. I measc na ngníomhaíochtaí neartú foirne, bhí ceardlann

drámaíochta, comórtas cócaireachta, turas báid i gCuan Bhaile Átha Cliath, chomh maith le turas chuig 'Beyond the Trees' sa Chraobhach, Co. Chill Mhantáin. I dtrimeastar 1 agus 2, d'eagraigh Gaeltacht UCD cruinnithe bricfeasta rialta leis an 24 mac léinn agus é mar aidhm acu gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn a phleanáil dá gcomhpháirithe. Tá alumnais na scéime lárnach do rath an tionscadail seo agus thug seisiúin phleanála le halumnais agus meantóirí *Theach na Gaeilge* spreagadh do rannpháirtithe nua agus thug siad treoir agus tacaíocht maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadal in 2022-2023.

# Scoláireacht don Scéim Chónaithe

teač na gaeilge

## 2022 - 2023 Tháinig Scoláirí na Scéime 2022-2023 ó:



# Scoláireacht don Scéim Chónaithe



Scoláirí na Scéime ar an gcéad lá (Imthreorú, cuid a haon)




Orla Ní Chofaigh a bhuaigh an gradam d'Ambasadóir Teanga 2023 leis an Ollamh Mícheál Ó Dochartaigh, Cathaoirleach Bhord Tacaíochta UCD



Scoláirí Ghaeltacht UCD ag 'Os Cionn na gCrann', An Chraobhach, Co. Chill Mhantáin



Emma Mehan, Theresa Benny & Isabella Ní Chonaill



Pádraig Mac Fhionnlaigh, Ailbhe Ní Ghallchóir, Thomas Ó Baoill & Alannah Ní Bhoill

*Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge*

https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/meantoiritheachnagaeilge/

Is é an cuspóir a bhaineann le scéim chónaithe na Gaeilge do mhic léinn UCD ná leanacht chun úsáid leanúnach na teanga a chaomhnú ón oideachas dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal, ó theanga an bhaile, na scoile nó an phobail go dtí go bhfuil siad ina ndaoine fásta. Tá sé fíorthábhachtach cairde a bhunú trí mheán na Gaeilge, chomh maith le bualadh le raon leathan alumnais ó ghairmeacha lasmuigh den Ollscoil chun úsáid rialta na Gaeilge i measc cheannairí an tsochaí sa todhchaí a chinntiú. Is é díreach an fheidhm sin bhí ag Gaeltacht UCD nuair a bhunaigh sí 'Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge', a bheidh 7 mbliana ar an bhfód i mbliana. Ba é Dónal Ó Catháin, alumnas ó Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus iar-Scoláire Ad Astra an chéad alumnas chun tabhairt faoi ról Chomhordaitheoir na Meantóirí. Níos déanaí, tháinig Peadar Ó Lamhna, alumnas ó Scoil Dlí Sutherland UCD atá lonnaithe in Éirinn le chéile le Dónal a oibríonn thar lear agus cuireadh imeachtaí i láthair go pearsanta ar siúl ar an gcampas. I mí Mheán Fómhair 2023, thug James Knoblauch, alumnas ó Scoil Ghnó Lochlann UCD faoin ról agus rinne sé meantóirí agus meantaithe 2022-2023 a chomhordú.

D'eagraigh meantóirí 2022-'23 seisiún eolais agus ceardlann le linn an ionduchtaithe, mar aon le himeacht sóisialta i lár na cathrach le linn na bliana. Bhuail siad le mic léinn aonair i láthair go pearsanta agus ar líne araon. D'fheidhmigh siad mar mholtóirí le haghaidh *Gradaim Ghaeltacht UCD 2023,* gradaim bhliantúla Ghaeltacht UCD, agus bhí siad páirteach sa cheiliúradh ar thionscnaimh agus gradaim na mac léinn 2022-'23 ar an 19 Aibreán '23 i Sráidbhaile UCD.

*Modúl Creidiúnaithe 2023 i Scileanna Craolta Raidió*

Rinneadh an Modúl Léaslíne (Horizons Module) *Scileanna Cumarsáide* a dhearadh go sonrach do mhic léinn scoláireachta *Theach na Gaeilge* chun a n-inniúlacht agus a dtiomantas do ghníomhaíochtaí fógraíochta teanga a aithint. Is comhoibriú idir Gaeltacht UCD, *Gaelchultúr Teoranta,* agus *Radio na Gaeltachta* é an modúl sin agus is í Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD a dhéanann creidiúnú ar an modúl sin. Cuirtear ar fáil é gach bliain, ba é i mí Eanáir 2023 an ceann ba dheireanaí, agus cuimsíonn sé ardscileanna Gaeilge chomh maith le scileanna craoltóireachta atá praiticiúil. Is féidir le

mic léinn creidiúintí a fháil agus scileanna cumarsáide agus ceannaireachta á bhforbairt acu ag an am céanna. Ba é Maitiú Ó Coimín ó Raidió na Gaeltachta an aoichraoltóir i mbliana. Is féidir podchraoltaí de na cláir a rinne na mic léinn go dtí seo a chloisteáil ag:
https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/scileannacumarsaide/
Is minic a bhíonn róil cheannaireachta ag scoláirí na scéime cónaithe i gcumainn na mac léin nó in Aontas Mac Léinn UCD agus mar sin is minic a chuireann *Raidió na Gaeltachta*, *Raidió na Life* agus *Radio Fáilte*, fáilte rompu agallamh a dhéanamh leo, agus tacaíonn na modúil 2023 leo ina leith sin.

*Tionscadail 'Teach na Gaeilge'*
https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/tionscnaimhnamacleinn/
Mar choinníoll chun páirt a ghlacadh i scéim chónaithe UCD, bíonn ar mhic léinn obair mar ambasadóirí teanga agus tionscadail nó imeachtaí a eagrú a chuireann deiseanna ar fáil dá gcomhpháirtithe an teanga a úsáid. D'fhéadfadh réimse leathan gníomhaíochtaí bunaithe ar bhuanna agus suimeanna an mhic léinn a bheith san áireamh i dtionscadail na Gaeilge. Tá roinnt tionscadail rathúla a reáchtáiltear gach bliain, agus a bhfuil teagmháil leis an bpobal níos leithne mar chuid díobh, ann anois de bharr na saoirse chun obair ar thionscadal a roghnaigh siad féin agus na tacaíochta ó *Ghaeltacht UCD*. Cé go bhfuil mic léinn saor chun imeachtaí dá rogha féin a eagrú, tugann Gaeltacht UCD aird ar a freagracht i leith chothabháil na teanga maidir le cainteoirí dúchais agus cainteoirí líofa; spreagtar gníomhaíochtaí amhail díospóireacht, comórtais bhréagchúirte, craoltóireacht, iriseoireacht nó scríbhneoireacht chruthaitheach go háirithe mar tugann siad deis do mhic léinn ardleibhéal líofachta a choinneáil.

In 2022-2023, eagraíodh 30 imeacht san iomlán, tá cuntas ar chuid acu anseo thíos. Fógraíodh gníomhaíochtaí ar líne, trí chumainn mac léinn éagsúla agus trí mheáin mhic léinn UCD.

*Bréagchúirt Uí Dhálaigh Ghael-Linn 2022/Comórtas Bréagchúirte Náisiúnta*
Déanann scoláirí Theach na Gaeilge ionadaíocht rialta ar UCD sa chomórtas bréagchúirte Gaeilge seo. Eagraíonn Gael Linn an comórtas i gcomhpháirt le roinnt breithiúna agus dlíodóirí a bhfuil Gaeilge acu. I mí na Samhna 2023 rinne iar-scoláire Theach na Gaeilge agus

Oifigeach Gaeilge reatha UCDSU Shane Mac Amhlaoibh in éineacht le mac léinn Dlí UCD Sadhbh Ní Ghráda ionadaíocht ar son UCD sa chomórtas sin agus bhain siad an dara háit amach.
Bronnadh an chéad áit ar mhac léinn Kings Inn Caoimhín Ó Ceallaigh atá ina iarscoláire ó Theach na Gaeilge chomh maith. Rinne an Breitheamh Butler, an Breitheamh Ní Chúlacháin Uasal agus Cormac Ó Dúlacháin Abhcóide Sinsearach moltóireacht ar an gcomórtas 2022.

*'Acadamh na Lianna' Cumann na nDochtúirí Leighis Gaeilge (the Association of Irish-Speaking Medical Doctors) Díospóireacht UCD/TCD*
I mí Márta 2023, reáchtáil Acadamh na Lianna, faoi Chathaoirleacht an Ollaimh Séamas Bernard Breathnach, a chéad díospóireacht idir-ollscoile, i UCD Belfield. Eagraíodh an comórtas i gcomhpháirt le Gaeltacht UCD, Oifig na Gaeilge TCD, agus ionadaithe ó chumainn leighis na mac léinn UCD agus TCD. Cuireadh díospóireacht bhríomhar ar siúl ar a fhreastail mic léinn leighis UCD agus TCD, Cumann Gaelach UCD, Cumann Gaelach TCD agus baill d'Acadamh na Lianna ó chlinicí um chleachtadh ginearálta agus ó ospidéil in Eirinn. Ba iad baill an Acadaimh agus iar-Phríomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Muireann Ní Mhóráin a rinne moltóireacht ar an gcomórtas. D'oibrigh Gaeltacht UCD le Scoil an Leighis UCD chun an t-imeacht a chur in iúl go hinmheánach, rinne sí urraíocht ar fhógraí digiteacha roimh an gcomórtas chomh maith le sólaistí le linn an imeachta féin.

Bronnadh an chéad duais ar fhoireann TCD; Emilie Ní Dhubhghaill, Eoghan Ó Ceallacháin, Eoin MacCárthaigh, Seán Mac Eoin, agus Sophie Ní Bhanáin agus bronnadh an duais as an gcainteoir is fearr ar Mhicheál Ó Cathasaigh, mac léinn leighis UCD agus iar-scoláire Theach na Gaeilge. Is í Gaeltacht Dhún na nGall áit dhúchais Mhichíl agus tá sé tar éis a bheith ar shocrúchán laistigh de phobail Ghaeilge. Ba iad Meabh Killalea, William Kinsella, agus Gareth O'Brien a chomhscoláirí ó UCD. D'éirigh go hiontach leis an imeacht agus tá sé i gceist ag Acadamh na Lianna comórtais a oscailt amach anseo do mhic léinn ó gach ceann de na heolaíochtaí sláinte agus do gach Ollscoil in Éirinn. Foilsíodh ailt ar an imeacht sna *Irish Medical Times* agus in *UCD Today*, Leagan an Earraigh.

# Scoláireacht don Scéim Chónaithe



Turas báid do mhic léinn i gCuan Bhaile Átha Cliath (Imthreorú, cuid a haon).



Labhraíonn an tOllamh Mícheál Ó Dochartaigh leis na mic léinn ag Gradaim Ghaeltacht UCD 2023



Buaiteoirí ag Gradaim Ghaeltacht UCD 2023




Clár Ní Bhuachalla, Stiúrthóir Ghaeltacht UCD le mic léinn Colm Rooney (Scoil na Ríomheolaíochta UCD) agus Theresa Benny (Scoil an Leighis Tréidliachta UCD)

# Rannpháirtíocht: Ar leibhéil Áitiúil, Náisiúnta & Idirnáisiúnta


Déanann an tOllamh Séamas Bearnard Breathnach, Acadamh na Lianna, cathaoirleacht ar an gcéad dhíospóireacht do mhic léinn leighis UCD/TCD ar champas


Baill Choiste Acadamh na Lianna


Emilie Ní Dhubhghaill, TCD


Micheál Ó Cathasaigh UCD



*Belfield FM: 'Tae & Plé'*

Tá meáin na mic léinn tar éis léiriú gur modh éifeachtach é chun teanga a chur chun cinn i measc na mac léinn san Ollscoil. I mí Mheán Fómhair 2022 chuir mic léinn Theach na Gaeilge Leah Ní Ghairbhith agus Padraig Mac Fhionnlaoich clár seachtainiúil Gaeilge, 'Tae agus Plé' i láthair. Áiríodh ar an gclár agallaimh le mic léinn eile a bhfuil Gaeilge acu, scéalta maidir le saincheisteanna na mac léinn, imeachtaí sóisialta agus cúrsaí siamsaíochta. Leanadh ar aghaidh leis an gclár a chraoladh i dtrimeastar 2. Is féidir na podchraoltaí a chloisteáil ar shuíomh gréasáin Belfield FM: https://www.belfieldfm.com/

*Malartú Teanga*

I mí Márta 2023, d'eagraigh scoláirí ócáid do mhic léinn ar cuairt agus do mhic léinn malartaithe chun *Seachtain na Gaeilge* a cheiliúradh, agus tháinig an ghníomhaíocht malartú teanga an-rathúil *Malartán Teanga,* as an ócáid sin. Scoláirí na scéime cónaithe a chuir an ócáid ar siúl sa *Seomra Caidrimh* (seomra sóisialta ina labhraítear Gaeilge) i bhFoirgneamh Newman. Roinn mic léinn aonteangacha, dátheangacha agus trítheangacha ó chúlraí teanga ar leith a gcuid teangacha leis na mic léinn Gaeilge agus a mhalairt.

*Ceol agus Spórt trí Ghaeilge*

Oibríonn scoláirí *Theach na Gaeilge* go dlúth le Trad Soc, cumann ceoil thraidisiúnta mhic léinn UCD. D'eagraigh siad seisiúin cheoil go seachtainiúil i lár na cathrach le comhcheoltóirí ó Choláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann, Ollscoil Mhá Nuad agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bhí na seisiúin sin ar siúl san ionad Gaeilge, Club *Chonradh na Gaeilge.* Sheinn ceoltóirí ag an-chuid ócáidí Gaeilge de chuid Ghaeltacht UCD. I mí na Samhna 2022, d'eagraigh mic léinn an ócáid 'Cas amhrán i nGaeilge' ('Sing a Song in Irish') agus é mar aidhm acu amhráin atá i mbéal an phobail a mhíniú trí Ghaeilge do mhic léinn idirnáisiúnta.

Eagraíodh imeachtaí spóirt trí Ghaeilge i rith na bliana lena n-áirítear cispheil, sacar, agus peil Ghaelach.

*Rannphháirtíocht le Mic Léinn Dara Leibhéal*

Le blianta beaga anuas tugadh cuireadh do Scoláirí na Scéime Cónaithe cuairt a thabhairt ar scoileanna príobháideacha, scoileanna deonacha agus scoileanna DEIS, chun cabhrú le daltaí lena gcuid Gaeilge labhartha. In 2023 tháinig iarratais ó Mheánscoil Mount Anville atá suite in aice le UCD agus ó Choláiste Pobail Món Seiscinn, Cluain Dolcáin trí *UCD All* agus trí Líonra Rochtana Chluain Dolcáin. Rinne seisear scoláirí ábhar a ullmhú agus chabhraigh siad le daltaí ullmhú dá gcuid scrúduithe cainte Gaeilge, reáchtáladh roinnt ceardlann i láthair go pearsanta agus cuid eile ar líne.

Anuas ar an méid sin thuas, i measc na n-imeachtaí a reáchtáladh do mhic léinn trí mheán na Gaeilge 2022-'23 bhí: Tabhair do Lámh, (snámh ar son carthanachta), Seó Drag, Scóráil sciobtha (fíbíní cleamhnais), Comórtas Grianghrafadóireachta (comórtas grianghrafadóireachta le seanfhocail), Ceardlann Ghaeilge (Ceardlann Ghaeilge leis an IVSA sa tSlóivéin), Oíche Scannánaíochta, Club Bácála (oíche bhácála), X-Factor as Gaeilge (seó tallainne), Comórtas le Maths Soc (Bris an Cód), ceardlann damhsa ar an sean-nós, Damhsa Jive (Ceardlann jiveáil agus damhsa líne) agus Tóraíocht Taisce.

*Aontas na Mac Léinn UCD agus Cumainn na Mac Léinn UCD*

Go minic bíonn ról ceannaireachta ag scoláirí na scéime cónaithe i gcumainn na mac léinn in Aontas na Mac Léinn UCD nó Aontas na Mac Léinn in Éirinn. In 2022-2023, vótáladh iar-

scoláire Shane Mac Amhlaoibh ina Oifigeach na Gaeilge Aontas na Mac Léinn UCD. Vótáladh iar-scoláire Míde Ní Fhionnlaoich ina hOifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn UCD. Le linn Sheachtain na Gaeilge, d'oibrigh an t-aontas go dlúth le Reachtaire An Chumainn Ghaelaigh, Chantelle Caldwell. Bhí roinnt scoláirí na scéime cónaithe 2022-23 ina n-ionadaithe ranga laistigh den Chumann agus den Aontas.

*Gradaim Ghaeltacht UCD 2023, Gradaim na Mac Léinn*
*https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd/*
Thuig Gaeltacht UCD gur gá aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas mac léinn, clubanna agus cumainn i gcur chun cinn na teanga, agus mar sin, cuireadh tús le *Gradaim Ghaeltacht UCD.* Reáchtáladh *Gradaim Ghaeltacht UCD 2023* ar an 19 Aibreán '23. I measc na ngradam a bronnadh bhí *Ambasadóir Mic Léinn Theach na Gaeilge* 2023 agus bronnadh an teideal sin ar an mac léinn Orla Coffey. Roghnaítear faighteoirí na ngradam i mballóid mac léinn roimh an imeacht. D'fhreastail scoláirí reatha agus cairde, ionadaithe ó *Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge* (scéim mheantóireacht) agus Cathaoirleach an *Bhoird Tacaíochta Gaeilge UCD* ar an ócáid. Is féidir teastais agus grianghraif de na hócáidí in 2023 agus ócáid na mblianta roimhe sin a fheiceáil ag an nasc thíos agus ar na meáin shóisialta, Twitter, Instagram agus Facebook:
https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaithe/gradaimghaeltachtucd

# Gníomhaíochtaí na Mac Léinn


*Comórtas bácála le mic léinn Ghaeltacht UCD*


*Comórtas Grianghrafadóireachta agus Seanfhocail na Mac Léinn*


*BÁC le chéile ar cuairt ar champas*


*'Peil le Gaeilge'*


*Crack the Code as Gaeilge le Cumann Matamaitice UCD*

**Tionscadal 3**

**Clár Cultúrtha na Gaeilge**

**https://www.ucd.ie/irish/ga/cultur/**

*Café Sheachtain na Gaeilge/Maidin Chaife Ghaeilge*

Ar an 1 Márta, mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge 2023, d'eagraigh Gaeltacht UCD maidin chaife Ghaeilge le ceol beo. Eagraíodh an ócáid go sonrach d'fhostaithe UCD. Cuireadh an ócáid ar siúl i gClub Ollscoile UCD agus bhí cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge ó champas Belfield agus ó champas Smurfit i láthair. Bhí sé mar aidhm ag an ócáid fostaithe le Gaeilge a thabhairt le chéile agus feasacht ar sheirbhís Ghaeltacht UCD 2023 a ardú. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí líon fostaithe a raibh cónaí orthu thar lear ar feadh tréimhse ama agus ar mhian leo dul i ngleic leis an teanga arís. Tá an tIonad ag súil le hócáidí dá leithéid a chur ar siúl amach anseo chun úsáid na teanga i dtimpeallacht réchúiseach, neamhfhoirmeálta a éascú.

*Araibis do Ghaeilgeoirí; 'Ó Shlán go Salaam'*

In ainneoin a cuid stádais mar an chéad teanga oifigiúil na hÉireann, is mionlach iad líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil. Mar sin, tá go cosúlachtaí iad pobal na Gaeilge agus grúpaí mionteangacha ar fud na cruinne. Ar an mbealach céanna, tá tuiscint mhaith ag Gaeilgeoirí ar phobail in Éirinn a bhfuil a máthairtheangacha ina mionteangacha in Éirinn, cé go labhraíonn formhór na ndaoine ina dtíortha dúchais iad. Is foinse staidéir iad na naisc theangeolaíochta idir an Ghaeilge agus teangacha éagsúla eile, mar shampla i gcás na Gaeilge agus na hAraibise mar shampla. Mar sin, bhí Gaeltacht UCD lán-sásta an cheardlann 'Réamhrá ar an Araibis do Ghaeilgeoirí' (An introduction to Arabic for Irish speakers) a reáchtáil ar an 3 Márta '23 le linn Sheachtain na Gaeilge 2023. D'fhreastail fostaithe, mic léinn fochéime agus mic léinn iarchéime ar an gceardlann agus díríodh ar bheannachtaí bunúsacha agus cosúlachtaí maidir le comhréir idir an dá theanga, an Ghaeilge agus an Araibis. Ba é Tomás Mac Seáin, mac léinn Iarchéime UCD, teangeolaí agus cainteoir Araibise ó SAM ó dhúchas, a d'éascaigh an cheardlann.

*Bain Triail as na Píoba (Try the Pipes)/Ceardlann Píb Uilleann le Cumann na bPíobairí*

Oibríonn Gaeltacht UCD le roinnt eagraíochtaí a oibríonn chun na gnéithe sin den chultúr a bhaineann le hÉirinn amháin a chur chun cinn agus a chaomhnú. Is sampla amháin iad na

píb uilleann atá mar cheann de na 5 uirlis cheoil traidisiúnta Éireannacha. Aithnítear na píb uilleann ar fud na cruinne mar fhuaim uathúil na hÉireann agus tá siad inscríofa ar Liosta Ionadaíoch UNESCO d'Oidhreacht Chultúrtha Dholáimhsithe an Chine Daonna ó bhí 2017 ann. In 2022-'23 bhí an t-ádh ar Ghaeltacht UCD go raibh píobairí iontacha a bhí ina gcainteoirí líofa Gaeilge i measc na mac léinn scoláireachta Gaeilge agus a chuimsigh foghlaim na Gaeilge i gceardlann phraiticiúil ceoil. Ar an 9 Márta '23, i gcomhar le Cumann na bPíobairí, Cumann na bPíobairí Uilleann in Éirinn, agus TradSoc UCD, d'eagraigh an tIonad ceardlann píb uilleann dátheangach, inar tugadh deis do rannpháirtithe cleachtadh praiticiúil a fháil. D'éirigh go hiontach leis an gceardlann, ag spreagadh suime fhoghlaimeoirí teanga Éireannacha agus idirnáisiúnta araon, mic léinn agus i measc fhostaithe. Lean Gaeltacht UCD ar aghaidh lena comhoibriú le cainteoirí Gaeilge ó Chumann na bPíobairí Uilleann le linn a scoil samhraidh 2023 i mí an Mheithimh.

# Clár Cultúrtha



*Mic léinn agus baill foirne ag seinm na bpíob le Cumann na bPíobairí Uilleann*



*Seinneann Kate Ní Leathlobhair agus Aoife Ní Bhuachalla ag an gCafé le Gaeilge*



*Ceardlann dhátheangach ar rince Gaelach stiúrtha ag an mac léinn, Éabha Melvin*

*Ceardlann Féile Naomh Bríde*

Déantar Lá Fhéile Bríde, an 1 Feabhra, lá saoire náisiúnta in Éirinn ó 2023, a cheiliúradh ar fud na cruinne agus tugann sé deis do dhaoine gnéithe de bhéaloideas agus traidisiún na hÉireann a roinnt. Ar an 3 Feabhra, reáchtáil mic léinn Ghaeltacht UCD ceardlann chrosóga Naomh Bríde i dTolglann Domhanda UCD. Is minic go mbíonn cur amach domhain ag mic léinn scoláireachta Ghaeltacht UCD, cuid acu arbh as roinnt Gaeltachtaí éagsúla ó dhúchas dóibh, ar na nósanna a bhaineann leis an bhféile sin, ar an téarmaíocht Ghaeilge ar leith a úsáidtear, agus ar stíl na gcros Bríde a dhéantar ina gceantair féin. Bhailigh mic léinn luachair ón tuath roimh ré agus thaispeáin siad conas a rinneadh na crosa.

I measc na ndaoine a ghlac páirt sa cheardlann bhí mic léinn ón Eoraip, ó Cheanada, ón SAM, ón Astráil, ón tSín agus ón India.

*Damhsa Gaelach trí Ghaeilge*

Bíonn an-tóir ar dhamhsa céilí ag foghlaimeoirí Gaeilge chomh maith le mic léinn ar cuairt agus mic léinn malairte. In 2022-2023 chuir Gaeltacht UCD ceardlanna damhsa dátheangacha ar fáil i gcomhpháirt le UCD Domhanda i mí Mheán Fómhair agus i mí Eanáir. Chuir iar-mhic léinn agus/nó mic léinn reatha Ghaeltacht UCD ceardlanna ar fáil agus bhí na ceardlanna sin mar bhuntreoir don Ghaeilge.

*Bunchúrsa Gaeilge*

Tá níos mó ná 31% de mhic léinn UCD agus 36% d’fhostaithe UCD rangaithe mar mhic léinn agus fostaithe idirnáisiúnta. Tá níos mó ná 10,000 de na mic léinn sin lonnaithe ar an gcampas Belfield, tá go leor acu in Éirinn den chéad uair agus ní raibh aon taithí acu ar an nGaeilge roimhe seo. I gcomhar le UCD Domhanda, cuireann Gaeltacht UCD ceardlanna tosaigh trí Ghaeilge ar fáil don ghrúpa sin agus tugtar ‘My First Gaeilge’; ar na ceardlanna sin. I mbliana cuireadh na ceardlanna ar fáil roimh thrimeastar 1 i mí Mheán Fómhair 2022 agus arís i mí Eanáir 2023. Bhí sé mar ‘réamhbhlaiseadh’ do mhic léinn, cuid acu a bhí spreagtha le clárú do chúrsaí oíche an Ionaid. Chomh maith leis na seisiúin sin, iarradh ar an Ionad ceardlann shaincheaptha a éascú do mhic léinn ó SAM a bhí ar cuairt i dtrimeastar 1 i mí Dheireadh Fómhair 2022. I mí Bealtaine 2023, chuir an tIonad ceardlann leathlae sa

teanga ar siúl arna iarraidh ag an Roinn um Eolaíochtaí Síceolaíochta, Northern Arizona University (NAU), SAM. Ba í seo an 4ú bliain as a chéile a d'oibrigh Gaeltacht UCD le mic léinn NAU.

# Clár Cultúrtha





Treoraíonn scoláirí na Scéime, Cathán Bonner, Aibidh Ní Mháille & Ruth Darcy ceardlann do mhic léinn eile chun Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh



# Clár Cultúrtha




*Mac Léinn i Scéim Chónaithe Ghaeltacht UCD, Leah Ní Ghairbhigh, ag míniú frásaí Gaeilge ag an imeacht 'My First Gaeilge'*






**Tionscadal 4**

**Rannpháirtíocht Ghaeltacht UCD**

*Rannpháirtíocht Áitiúil*

Le linn 2022-2023, bhí *Gaeltacht UCD* i dteagmháil ghníomhach leis an Ollscoil, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil; le Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD, le UCD Domhanda, le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD agus le UCD Inniúil. D'fhoilsigh an tIonad ailt i dtuarascáil bhliantúil 'UCD in the Community' agus in 'UCD Today', foilseachán de chuid Chaidreamh Ollscoile UCD. Rinneadh ionadaíocht ar an Ionad ag cruinnithe 'Sheirbhísí do Mhic Léinn UCD' agus ar an Líonra Fostaithe Ilchultúrtha UCDC, líonra trína ndéanann fostaithe a dteangacha agus a gcultúir shuaithinseacha a roinnt. I mí na Samhna 2022, bhí both ag Gaeltacht UCD ag *Lá Oscailte UCD* agus i mí Eanáir 2023 ag an *Imeacht na gComhairleoirí um Ghairmthreoir UCD.*

*Rannpháirtíocht Náisiúnta*

Bíonn *Gaeltacht UCD* i dteagmháil go rialta le pobal náisiúnta na Gaeilge. In 2022-2023, d'fhan sí i dteagmháil le 6 phríomheagraíocht laistigh d'Fhóram Comhpháirtíochta Uile-Oileáin *Fhoras na Gaeilge*: *Glór na nGael, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gaeloideachas,* agus *Oireachtas na Gaeilge,* https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/gaeilgesaphobal/. I rith na bliana bhí Stiúrthóir Ghaeltacht UCD gníomhach sna meáin Ghaeilge; ghlac sí páirt i gcraoltaí Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life agus chuir sí ailt nuachta ar fáil do na foilseacháin *Tuairisc.ie, Seachtain (Irish Independent),* agus *ExtraG.ie.* Thacaigh Gaeltacht UCD le cruinnithe agus imeachtaí i *Saol na Gaeilge* lena n-áirítear Oireachtas na Gaeilge, a cuireadh ar siúl i gCill Airne, Co Chiarraí, i mí na Samhna 2022 agus le Seachtain na Gaeilge a eagraíodh ar fud na tíre, Márta 2023. Freastalaíonn mic léinn ó Chumann Gaelach UCD agus scoláirí Ghaeltacht UCD ar Oireachtas na Gaeilge agus glacann siad páirt i gcomórtas díospóireachta idir-ollscoile le Gael Linn. Bhí baint ghníomhach ag Stiúrthóir an Ionaid leis an bpríomheagraíocht Gael Linn, mar bhall comhlach den bhord, agus leis an bhféile liteartha Gaeilge *Imram;* eagraíonn an dá eagraíocht comórtais agus imeachtaí do mhic léinn tríú leibhéal.

Ghlac mic léinn Ghaeltacht UCD páirt i *dTraenáil na Reachtairí*, (traenáil reachtaire) a rinne *Conradh na Gaeilge* a éascú i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna '22 agus d'fhreastail roinnt

ball den Chumann Gaelach ar *Chomhdháil Chonradh na Gaeilge*, a reáchtáladh i nGaillimh i mí na Márta ’23. Is baill ghníomhacha iad an bheirt bhall foirne in Oifig Ghaeltacht UCD, an Stiúrthóir agus an Riarthóir, den eagraíocht ghairmiúil *Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge* (COFG), https://cofg.ie/, an Cumann Náisiúnta d’Oifigigh agus do Stiúrthóirí na Gaeilge. Rinneadh ionadaíocht ar an oifig ag roinnt cruinnithe a d’eagraigh an eagraíocht in 2022-2023, lena n-áirítear an cruinniú bliantúil ag *Oireachtas na Gaeilge*, i mí na Samhna 2022. D’fhreastail a comhaltaí ar sheimineáir maidir le forbairtí ar reachtaíocht na Gaeilge a d’eagraigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Reáchtáil Gaeltacht UCD cruinnithe duine ar dhuine ar champas UCD Belfield le hoifigigh ó TCD, DCU, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus NUIM i mí Mheán Fómhair 2022 agus Márta 2023. Cuireadh cruinnithe breise ar siúl ar líne.

# Rannpháirtíocht: Ar leibhéil Áitiúil, Náisiúnta & Idirnáisiúnta




Araibis do Chainteoirí Gaeilge' le Tomás Mac Seáin



Rannpháirtithe ó SAM, ón bhFrainc agus ón Astráil ag baint sult as an gcéad lá ag Tionól na Gaeilge 2023




Stiúthóir Ghaeltacht UCD, Clár Ní Bhuachalla, ag bualadh le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge ag Oireachtas na Gaeilge 2022



*Craoladh Raidió na Gaeltachta ó UCD*

In 2022 rinne an stáisiún raidió náisiúnta Gaeilge Raidió na Gaeltachta, 50 bliana ó bunaíodh é a cheiliúradh. I mí na Samhna 2022, chuir Gaeltacht UCD fáilte roimhe chuig an gcampas, agus rinneadh craoladh beo ann ó Ionad Mac Léinn UCD. Rinne Áine Ní Bhreisleáin, craoltóir Raidió na Gaeltachta agus alumnas UCD, a clár 'Bladhaire' a chraoladh ó Sheomra Fitzgerald chuir sí agallaimh ar mhic léinn agus ar fhostaithe lena n-áirítear foireann Ghaeltacht UCD, baill de Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD, de Chumann Gaelach UCD agus d'Aontas na Mac Léinn UCD. Labhair Áine le mic léinn PhD arb cainteoirí dúchais iad ó Eolaíocht UCD agus ó na hEalaíona agus na Daonnachtaí UCD, ionadaithe ó Oideachas UCD, ó Shocheolaíocht UCD, ó Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, ó Dhlí UCD agus ón gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Chuir ceoltóirí TradSoc UCD siamsaíocht ar fáil d'éisteoirí. Leis an gclár, tugadh léargas ar an bpobal Gaeilge san Ollscoil, ar na deiseanna a chuireann an Ollscoil ar fáil do chainteoirí Gaeilge, agus ar an timpeallacht fháilteach atá i réim. Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch d'Áine Ní Bhreisleáin agus d'fhoireann Raidió na Gaeltachta as an gcraoladh sin ó Belfield a eagrú. Is féidir podchraoladh den chlár a chloisteáil ag: https://www.rte.ie/radio/podcasts/series/30507-bladhaire/

*Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta*
*https://www.ucd.ie/irish/ga/arfudnacruinne/*

Bíonn tóir ar ghníomhaíochtaí Ghaeltacht UCD ag mic léinn ar cuairt, ag mic léinn malairte agus ag fostaithe idirnáisiúnta. Tháinig níos mó ná 50% de na clárúcháin le haghaidh chúrsaí teanga an Ionaid 2022-'23 ó rannpháirtithe ó thír nó ó réigiún taobh amuigh d'oileán na hÉireann. Chomh maith leis na bunghníomhaíochtaí, chuir an tIonad cúrsaí saincheaptha ar fáil do ghrúpaí ar cuairt nuair a iarradh air iad a chur ar fáil.

# Raidió na Gaeltachta in UCD












*Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD/Tionól Gaeilge UCD 2023*

Tugann Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta bliantúil Ghaeltacht UCD, Tionól Gaeilge UCD, deis uathúil don phobal Gaeilge náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach leis an Ollscoil. Tá an scoil aon seachtaine seo, a bunaíodh den chéad uair in 2017, tar éis grúpa d'fhoghlaimeoirí ó thíortha éagsúla a mhealladh, agus tá roinnt acu tar éis filleadh ar an 5ú agus an 6ú bliain as a chéile.

Chuir Uachtarán UCD, an tOllamh Orla Feely, fáilte roimh 63 rannpháirtí chuig scoil 2023 (26-30 Meitheamh), ina raibh cainteoirí agus foghlaimeoirí as Éirinn, as an Astráil, as SAM, as an RA, as an bhFrainc, agus as an nGearmáin. I scoil 2023 bhí dul chun cinn le feiceáil sa naisc idir diaspóra na hÉireann i Sasana, idir Éireannaigh den chéad ghlúin agus Éireannaigh den dara glúin. Rinne ionadaithe ó Champlain College Vermont agus foghlaimeoirí fásta ó Pennsylvania agus Baltimore ionadaíocht ar SAM. Tháinig rannpháirtithe ó eagraíochtaí cultúrtha laistigh den AE chomh maith, *Centre Culturel Irlandais*, Páras, mar shampla.

I measc na mac léinn fochéime bhí ionadaí ón Una Europa Student Board, https://www.una-europa.eu/, (comhaontas de 11 ollscoil Eorpacha a bhfuil UCD, ina bhall díobh). Bhí áthas ar leith ar Ghaeltacht UCD, fáilte ar ais a chur roimh fhoghlaimeoirí ó Thuaisceart Éireann agus ó chomharsana UCD; rannpháirtithe ón gceantar thar timpeall na hOllscoile i gContae Bhaile Átha Cliath Theas.

Chuir scoil 2023 ranganna Gaeilge ar fáil ag 5 leibhéal le formhór na bhfoghlaimeoirí ag leibhéal B1, B2, agus ardleibhéal. Cuireadh na ranganna ar siúl gach maidin agus eagraíodh iad i gcomhar leis an eagraíocht Gaelchultúr. Cuireadh léachtaí ar fáil gach tráthnóna agus i measc na n-aoileachtóirí bhí na daoine seo a leanas ón bhfoireann teagaisc; an tOllamh Kelly Fitzgerald, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, an tOllamh Michael Doherty, Déan agus Ceannasaí Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, an tOllamh Iarfhlaith Watson, Scoil na Socheolaíochta UCD agus Ciara Ní É, file cónaithe. Chuir an scoil fáilte chomh maith roimh Pháidí Ó Lionáird, Bainisteoir Cumarsáide, Oifig an Choimisinéara Teanga, chraoltóir RTÉ Sinéad Ní Uallacháin agus an t-údar Gaeilge Réaltán Ní Leannáin. Chuir clár cultúrtha na scoile fáilte roimh chláirseoir agus amhránaí traidisiúnta Eibhlís Ní Ríordáin, Damhsóir Bridie O'Flaherty, an píobaire Éamonn Ó Meachair agus grúpa siamsaíochta pobail 'The Fingal Mummers' a stiúir Seán Mac Philibin. Bhain na rannpháirtithe taitneamh as turas treoraithe trí mheán na Gaeilge ar Ghailearaí Náisiúnta na

hÉireann, ghlac siad páirt i dtráth na gceist boird i gClub Chonradh na Gaeilge agus d’fhreastail siad ar Pop-Up Gaeltacht sa teach tábhairne ‘Pipers Corner’ i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch as comhoibriú a comhghleacaithe in UCD Domhanda, Alumnas UCD, agus na meáin Ghaeilge as an imeacht sin a fhógairt, agus táthar buíoch freisin as na comhghleacaithe i Scoil Ghnó Uí Chuinn, i Scoil Dlí Sutherland UCD, i Sráidbhaile UCD, i Lárionaid na Mac Léinn UCD, in Eastáit UCD, i gClub na hOllscoile UCD agus i Samhradh in UCD a chuidigh go léir le hoibríochtaí, fáilteachas agus lóistín a éascú, seirbhísí a chuir go mór le rathúlacht an chláir in 2023.

# Rannpháirtíocht: Ar leibhéil Áitiúil, Náisiúnta & Idirnáisiúnta


Mic Léinn Shane Mac Amhlaoibh agus Sadhbh Ní Ghráda a chuaigh thar ceann UCD ag Bréagchúirt Uí Dhálaigh Ghael Linn 2022 leis an mbuaiteoir, Alumna UCD Caoimhín Ó Ceallaigh


Ceardlann cláirsí le hEibhlís Ní Ríordáin


Stiúthóir Ghaeltacht UCD ag bualadh le comhghleacaithe ó TCD, NUIM agus DCU ar champas


Cleamairí Fhine Gall ag rince le rannpháirtí Thionól na Gaeilge, Blaise Ní Phiarais

# Rannpháirtíocht: Ar leibhéil Áitiúil, Náisiúnta & Idirnáisiúnta



Rannpháirtithe Thionól na Gaeilge 2023




Uachtarán UCD an tOllamh Orla Feely ag cur fáilte roimh rannpháirtithe chuig UCD



Baill Bhord na Mac Léinn Una Europa ag Tionól na Gaeilge Ghaeltacht UCD



Tráth na gCeist as Gaeilge ag Club Chonradh na Gaeilge, ceann de na himeachtaí sóisialta ag Tionól na Gaeilge 2023

# Tionól na Gaeilge Ghaeltacht UCD 2023












**Tionscadal 5**

**Tacaíochtaí d'Fhostaithe UCD**

*https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/*

*Reachtaíocht na Gaeilge-Seirbhís Aistriúcháin agus Chomhairleach*

Cúlra: Ó bunaíodh Bord na Gaeilge UCD, Gaeltacht UCD anois, tá an tIonad eolach maidir le tábhacht na Gaeilge faoi Acht na nOllscoileanna, 1997. Chuir bord Gaeilge na hOllscoile, a bunaíodh sa bhliain chéanna leis an Acht, tús le polasaí dátheangach le haghaidh stáiseanóireachta agus comharthaíochta agus chuir an tIonad seirbhís aistriúcháin ar fáil, lena n-éascaítear gach aistriúchán Gaeilge/Béarla agus Béarla/Gaeilge. I dtaca le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ghlac an Lárionad ról comhairleach do scoileanna agus d'aonaid maidir leis na rialacháin faoin Acht. Áiríodh leis na haistriúcháin foilseacháin, ábhar ar an suíomh gréasáin, agus fógraí ó bhéal réamhthaifeadta. D'oibrigh Gaeltacht UCD le Soláthar UCD agus le *Rannóg an Aistriúcháin* chun soláthraithe aistriúcháin a aimsiú agus choinnigh sí seirbhís profa inmheánach chun cruinneas agus leanúnachas a chinntiú. Rinne Oifigeach Gaeilge an Ionaid ionadaíocht don Ollscoil ag cruinnithe Oifig an Choimisinéara Teanga agus Roinn na Gaeltachta mar a bhí.

Ó rinneadh dlí d'Acht na dTeangacha (Leasú) i mí na Nollag 2021, tá oifig Ghaeltacht UCD tar éis freastal ar éileamh méadaithe ar a seirbhís aistriúcháin agus chomhairleach; in 2022-23 tháinig an t-éileamh is mó ó Acmhainní Daonna UCD, Eastáit UCD, agus Caidreamh UCD lena n-áirítear iarratais ar ghlórphoist, sainchuntais phoist, foilseacháin le dáileadh ar scoileanna dara leibhéal in Éirinn, feachtais mheán sóisialta, comharthaíocht shealadach agus comharthaíocht bhuan. D'iarr roinnt scoileanna acadúla aistriúcháin do thionscadail a bhain le maoiniú ón AE a leag síos go n-úsáidfí an dara teanga (teanga mionlaigh). Chabhraigh foireann Ghaeltacht UCD le roinnt comhghleacaithe acadúla freisin agus iad ag ullmhú d'agallaimh sna meáin Ghaeilge nó ionchur i gclár faisnéise Gaeilge), i Scoil an Leighis UCD le déanaí.

Lean an tIonad ag éascú aistriúchán foilseachán, lena n-áirítear an Straitéis um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2021-2024, agus Straitéis na hAfraice UCD 2023-2028 a

seoladh i mí Bealtaine 2023. Is féidir iad sin a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD: https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/foilseachain/

*Reachtaíocht na Gaeilge-Eolas agus Acmhainní*

Mar fhreagra ar an Acht Leasaithe, rinne an tIonad tuilleadh forbartha ar a chuid acmhainní chun comhlíonadh na hOllscoile a éascú. Cuireadh rannán do 'Thacaíochtaí' san áireamh ar an suíomh gréasáin, ina raibh fístaifeadtaí agus treoirlínte *https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/reachtaiochtteanga/*. In 2023 cuireadh rannán nua um Cheisteanna Coitianta san áireamh. Lean an tIonad ag nuashonrú a bhunachar sonraí aistriúcháin, ainmneacha foirgnimh UCD chomh maith le teidil scoile agus coláistí. https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/. Lean sé freisin le liosta a chur le chéile d'fhoireann reatha atá inniúil i nGaeilge: https://www.ucd.ie/irish/ga/tacaiochtai/baillfoirnelegaeilge/ Tá sé mar aidhm ag na hacmhainní sin téarmaíocht Ghaeilge UCD, i.e. an leagan Gaeilge de theidil na gcoláistí agus na scoileanna, a dhéanamh níos inrochtana d'fhostaithe inmheánacha. Is áis úsáideach é bunachar sonraí na Dáimhe Gaeilge do mhic léinn nua agus do na meáin Ghaeilge.

*Leanúnachas, Forbairt, agus Méadú*

Tá maoiniú tionscnamh spriocdhírithe an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) fós imfhálaithe chun príomhthionscnaimh Ghaeltacht UCD a sholáthar. Chomh maith leis na tionscnaimh lárnacha sin, cuireann Gaeltacht UCD na tacaíochtaí thuasluaite ar fáil chun comhlíonadh reachtaíochta na hOllscoile a éascú. Mar gheall ar na hoibleagáidí méadaithe atá ar an Ollscoil faoin Acht leasaithe, tá buiséadú déanta ag an Ollscoil chun tuilleadh acmhainní a chur ar fáil do Ghaeltacht UCD ionas gur féidir leanúint le seirbhísí éifeachtacha i gcur chun cinn na teanga agus in éascú an chomhlíonta dhlíthiúil.

# Tacaíochtaí do Bhaill Foirne UCD




*Páidí Ó Lionáird, Bainisteoir Cumarsáide ag Oifig an Choimisnéir Teanga ag labhairt ag Comhdháil Acmhainní Daonna le Cumann Ollscoileanna Éireann ar champas*









*Svetlana Malceva, An Scoil Ghnó UCD*



# Tacaíochtaí do Bhaill Foirne UCD



**Tionscadal 6**

**Gníomhaíochtaí do Chur Chun Cinn na Gaeilge**

*Foilseacháin*

Foilsíodh ailt ar imeachtaí *Ghaeltacht UCD* go rialta i bhfoilseacháin inmheánacha UCD; in UCD *Today* http://www.ucd.ie/ucdtoday/ agus i Ríomhiris d'Alumnais UCD https://alumni.ucd.ie/magazine-archive/. Cuireadh fógraí go rialta i ríomhirisí Foirne agus Mac Léinn UCD atá ar fáil ar inlíon UCD agus ar *UCD Connect,* nuachtlitir leictreonach Alumnais UCD. Bíonn ócáidí an Ionaid le feiceáil sna meáin Ghaeilge; i *Seachtain*, an forlíonadh de chuid an Irish Independent agus sna foilseacháin Ghaeilge *Tuairisc.ie agus ExtraG.ie.* Foilsíodh fógraí le haghaidh cúrsaí teanga agus scéim scoláireachta chónaithe na hOllscoile ar mheáin mhic léinn UCD, in UCD Observer agus in UCD College Tribune.
Lean Gaeltacht UCD ar aghaidh ag dearadh ábhair éagsúla mhargaíochta le linn na bliana. D'fhoilsigh sí bróisiúir dhátheangacha dá scoil samhraidh i nGaeilge/Gearmáinis, Gaeilge/Polainnis, Gaeilge/Fraincis, agus Gaeilge/Sínis. Scaip sí bileoga dátheangacha ar gach scoil dara leibhéal in Éirinn chomh maith le póstaeir agus ábhar fógraíochta le dáileadh ar an gcampas agus go leictreonach. Taispeánadh iad go léir ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus/nó rinneadh iad a roinnt ar mheáin shóisialta Ghaeltacht UCD, Twitter, Facebook, agus Instagram.

*Suíomh Gréasáin Ghaeltacht UCD: www.ucd.ie/irish*

Tarraingítear aird ar thionscadail an Ionaid ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus déantar eolas níos inrochtana dóibh siúd laistigh de agus taobh amuigh de phobal UCD. Is suíomh dátheangach é an suíomh gréasáin a ligeann d'úsáideoirí bogadh gan stró ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge ar gach leathanach. Tá an clárúchán le haghaidh cúrsaí teanga, gníomhaíochtaí cultúrtha agus scoláireachtaí ar fad ar an suíomh gréasáin trí chórais UCD Infohub, agus luadh an so-rochtaineacht in aiseolas ó rannpháirtithe scoil samhraidh an Ionaid 2023. Sa bhreis ar fhorbairt an tsuímh nua in 2021, lean Gaeltacht UCD ag uaslódáil ábhar nua ar bhonn rialta in 2023, bróisiúir, sceidil, grianghraif, podchraoltaí agus taifeadtaí seimineáir. In 2023 chuir an tIonad tús le haistriú an tsuímh chuig comhéadan nua UCD 'Design Library', agus táthar ag súil go gcuirfidh sé sin le hinrochtaineacht an tsuímh ar ghléasanna móibíleacha.

# Foilseacháin as Gaeilge





Uachtarán UCD, an tOllamh Orla Feely le Dr Samuel Ogwu, an tUasal Alan Gibbons agus Leasuachtarán ar Rannpháirtíocht Domhanda, an tOllamh Dolores O'Riordan


Stiúrthóir Ghaeltacht UCD, Clár Ní Bhuachalla le Reachtaire Chumann na hAfraice, Chidimma Iloduba

*Na Meáin Shóisialta*

Tá Gaeltacht UCD le feiceáil ar na meáin shóisialta go rialta lena n-áirítear *Twitter* @ucdgaeltacht (3,608 leantóir), *Facebook* @ucdgaeltacht (2,100 leantóir), Mastodon @gaeltachtucd (80 leantóir), LinkedIn.com/company/gaeltacht (364 leantóir) agus *Instagram* #ucdgaeltacht (2,216 leantóir). Cuireann an rannpháirtíocht sin le hinfheictheacht na teanga, cuireann sí tionscnaimh Ghaeilge na hOllscoile chun cinn, agus cruthaíonn sí nasc le pobal náisiúnta agus pobal domhanda na Gaeilge. Léiríonn sé freisin go bhfuil sé thar a bheith éifeachtach le feasacht a chothú i measc mic léinn ionchasacha.

*Na Meáin Ghaeilge*

Le linn 2022-2023, labhair Stiúrthóir Ghaeltacht UCD go rialta leis na meáin Ghaeilge: Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte agus Raidió na Life. I measc na gclár bhí *Fada is Fairsing* le Lisa Nic an Bhreithimh, *Comhrá an Tráthnóna* le Pádraig Ó Sé agus *Painéal an Luain* le Fachtna Ó Drisceoil. Tugadh deis aird a tharraingt ar obair an Ionaid agus ar thionscnaimh chuí eile de chuid na hOllscoile trí agallaimh agus trí rannpháirtíocht i bpléghrúpaí. Bhí tionscadail an Ionaid le feiceáil i 'Seachtain', forlíonadh an Irish Independent, ar Tuairisc.ie agus ar ExtraG.ie

*Urraíocht*

Le linn 2022-2023, thacaigh *Gaeltacht UCD* le húsáid na teanga ag scoileanna, ionaid, aonaid, cumainn agus clubanna mhic léinn UCD. Thacaigh an tIonad leis an mbaint a bhíonn ag mic léinn leis an litríocht agus iriseoireacht tríd an urraíocht do *Dhuaiseanna Liteartha an Oireachtais (*an gradam náisiúnta sa rannóg iriseoireachta dóibh siúd faoi bhun -19 mbliana d'aois), lena n-áirítear an duais is déanaí i mí na Samhna 2022. Chomh maith leis sin, chuir an tIonad tacaíocht aistriúcháin agus profála ar fáil d'iriseoirí, blagálaithe agus físbhlagálaithe Gaeilge ar mhic léinn iad.

**Tacaíocht Ollscoile**

*Struchtúr, Bainistíocht, agus Riarachán*

*https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/*

Is cuid de phunann Rannpháirtíochta Domhanda UCD í Gaeltacht UCD agus tá rath tar éis teacht ar a cuid gníomhaíochta sa timpeallacht dhomhanda seo. Chuaigh an tIonad isteach

i Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD faoi stiúir an Ollaimh Dolores O'Riordan, Leas-Uachtarán UCD le haghaidh Rannpháirtíocht Dhomhanda i Meitheamh 2019 agus ba í sin an ceathrú bliain acadúil laistigh den struchtúr nua. Bhí athstruchtúrú an Ionaid mar thoradh d'athbhreithniú cuimsitheach ar an aonad (tugadh *Bord na Gaeilge* air roimhe seo) a rinneadh in 2018-2019. D'éirigh leis an athrú struchtúir neart a chur le próifíl na teanga. Tá tar éis éirí le Gaeltacht UCD gach atá uathúil faoin nGaeilge agus faoina cainteoirí in Éirinn a chothú agus fós an teanga agus an cultúr a bhaineann léi a thabhairt i leith phobal níos leithne ar fud na cruinne.

*Bord Tacaíochta Gaeilge UCD*
https://www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/bordtacaiochtagaeilge/
Cúlra: Bunaíodh Bord Gaeilge in UCD den chéad uair in 1996-'97. B'ionadaithe iad na comhaltaí boird ar mhic léinn agus ar fhoireann UCD thar réimse dámh. Bhí sé de cheangal ar an mBord comhairle a chur ar aonad na Gaeilge *Bord na Gaeilge* agus moltaí a dhéanamh d'Údarás Rialaithe UCD maidir le húsáid na Gaeilge. In 2020, ar aon dul le hathstruchtúrú aonad na Gaeilge agus bunú *Ghaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr*, ghlac Údarás Rialaithe UCD le téarmaí tagartha nua do *Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD*, bord comhairleach don Ghaeilge. Is comhaltaí boird iad foireann Ghaeltacht UCD; Is féidir téarmaí tagartha agus comhaltaí an bhoird a fheiceáil tríd an nasc thuas.

I mí Iúil 2023 tháinig deireadh le téarma an Chathaoirligh reatha, an tOllamh Michael Doherty. Bhí an tOllamh Doherty ar dhuine de bhunaitheoirí an Bhoird bhunaidh, Bord na Gaeilge UCD, a bunaíodh in 1997. Bhí sé mar chomhalta boird faoi Chathaoirleach an Ollaimh Séamas Ó Catháin agus arís faoi Chathaoirleach an Ollaimh Enda Hession ar a tháinig sé i gcomharbacht air ina dhiaidh sin. Le breis is 25 bliain anuas chuir an tOllamh Doherty go mór le cothabháil agus le cur chun cinn na Gaeilge ar an gcampas; is mór an chailliúint é a thacaíocht leanúnach don Ionad, do thionscadail an Ionaid agus do fhoireann an Ionaid chomh maith lena fhíorspéis agus rannpháirtíocht le pobal na mac léinn. I ndiaidh don Ollamh Doherty éirí as, chuir an Leas-Uachtarán do Chaidreamh Domhanda fáilte roimh léirithe spéise ó fhostaithe UCD ar fud na hOllscoile. Tá deireadh tagtha leis an bpróiseas anois, agus tá an tOllamh Iarfhlaith Watson ceaptha ó shin mar Chathaoirleach ar *Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD*.

*Údarás Rialaithe UCD*

Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch as tacaíocht Údarás Rialaithe na hOllscoile agus cuireann tuarascáil isteach maidir lena cuid tionscadal gach bliain. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir an tIonad a thuarascáil bhliantúil 2021-2022 faoi bhráid an Údaráis. I mí Bealtaine 2023 tugadh cuireadh do Stiúrthóir Ghaeltacht UCD labhairt leis an mbord faoi na forbairtí agus na hacmhainní atá ag teastáil chun leanúint le hobair Ghaeltacht UCD.

*Gaeltacht UCD, Riarthóirí, Teagascóirí, agus Éascaitheoirí*

Rinne Riarthóir Sinsearach lánaimseartha amháin agus Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin lánaimseartha amháin bainistíocht ar oifig Ghaeltacht UCD agus ar gach ceann dá tionscadail. Thacaigh maoiniú speisialta do thionscnamh spriocdhírithe le tionscnaimh 2022-2023 ar fad agus le post an Chúntóra Shinsearaigh Feidhmiúcháin. Chinntigh an Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin leanúnachas, ardchaighdeán seachadta, agus réimse leathan tionscnamh. Tá teagascóirí Gaeilge, aistritheoirí, ealaíontóirí, ceoltóirí agus éascaitheoirí Gaeilge an Ionaid tar éis a bheith lárnach do rathúlacht ghníomhaíocht 2022-’23. Tá an tIonad an-bhuíoch as an tacaíocht a fhaigheann sé ó chomhghleacaithe UCD in aonaid éagsúla eile chomh maith le tacaíocht ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí sa phobal Gaelach seachtrach.

**Mar Fhocal Scoir**

Tacaíonn an Ollscoil le foireann Ghaeltacht UCD le gach ceann de na tionscadail a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil seo.

I gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe) 2021, agus an gá atá le comhlachtaí poiblí cur le leibhéal na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil, beidh ról níos tábhachtaí ag tionscnaimh Ghaeltacht UCD san Ollscoil sna blianta amach romhainn. Tagann cúrsaí teanga an Ionaid le ceann de phríomhaidhmeanna an Achta; chun líon na n-earcach a bhfuil Gaeilge acu a mhéadú san earnáil phoiblí. Éascaíonn a seirbhísí aistriúcháin comhlíonadh na forála fógraíochta (Alt 10A) a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022. Samhlaítear freisin gur dócha go n-áireofar cuid de thionscnaimh mhic léinn reatha an Ionaid, ar féidir a rathúlacht a chur i leith mhaoiniú speisialta HEA, sna caighdeáin teanga a chuirfear in áit chóras na scéimeanna teanga. Agus an earnáil phoiblí ag fanacht ar fhoilsiú an chéad Phlean

Náisiúnta do Sheirbhísí Gaeilge in 2025, tá UCD muiníneach go n-éascaíonn na tionscnaimh Ghaeilge reatha atá á riaradh ag Gaeltacht UCD, ní hamháin le comhlíonadh na reachtaíochta, ach go gcuireann siad le spiorad na reachtaíochta chomh maith.

Chuir foráil speisialta HEA do thacaíocht na Gaeilge ar chumas Ghaeltacht UCD tacú le pobal bríomhar Gaeilge ar an gcampas. Léiríonn na tionscadail reatha tiomantas na hOllscoile don chuimsiú; cuireann siad éagsúlacht chun cinn agus tugann siad tacaíocht d'inbhuanaitheacht teangeolaíochta. Chuir siad ar chumas na hOllscoile infheictheacht na teanga a mhéadú, deiseanna a fhorbairt chun an teanga a fhoghlaim, rannpháirtíocht a spreagadh agus cainteoirí Gaeilge a chumasú.